CEACHT 13

BÁBÓGA



Pictiúr: Radharc:

An seomra suite, Bríd agus Nóirín ag caint, bábóg ina bachlainn ag Nóirín, bábóg eile i leaba bhábóige, an dara bábóg a chur ina luí sa leaba freisin de réir mar a oireann don chaint, scuab gruaige agus comhartha ceiste le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann; ansin Bríd agus Nóirín ag siúl lasmuigh; ansin iad ar ais arís sa seomra suite.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Tá Bríd agus Nóirín sa seomra suite. Tá na bábóga acu. Peigí agus Neilí is ainm dóibh. Tá Neilí sa leaba.

Agallamh

BRÍD: Nach bhfuil mo bhábóg go hálainn?
NÓIRÍN: Tá, go deimhin. Nach deas an ghruaig atá uirthi?
BRÍD: Is deas. Scuabaim í gach lá.

Cuntas Reatha

Chuir Nóirín a bábóg isteach sa leaba. Chuaigh na cailíní amach ag siúl. Nuair a tháinig siad abhaile bhí Neilí ag caoineadh.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Tá Bríd agus Nóirín sa seomra codlata?
Agus céard (cad) atá acu?
Cad is ainm dóibh?
Agus cá bhfuil Neilí?

Tusa, a "Bhríd", céard a deir tú faoi do bhábóg?
Freagair í, a "Nóirín".
Agus céard a deir tú faoina cuid gruaige?
Freagair í, a "Bhríd".
Agus cén fáth a bhfuil a cuid gruaige chomh deas sin?

Céard a rinne Nóirín ansin?
Cá ndeachaigh na cailíní?
Agus céard faoi Neilí bhocht?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. (a) *Peigí* agus *Neilí* is ainm dóibh.
   (*Úna agus Síle, Pádraig agus Seán,* etc.).

   (b) Máire is ainm *dom.*
   (*mise, ise, an cailín*).
   Páistí ag cur ceisteanna ar a chéile:
   Cad is ainm duit?
   (*Cén t-ainm atá ort?*)

2. Nuair a *tháinig siad abhaile* bhí Neilí ag caoineadh.
   (*téigh amach, téigh ar scoil, tar isteach*).

3. *Chuaigh* na cailíní amach.
   (*amárach, anois,* gach lá;* an? ní: *inné;* ní, an?: *amárach*).

4. Bhí pian ina *ceann.*
   (*fiacail, lámh, cos, droim, glúin,* etc.).

*.i. "Tá na cailíní *ag dul* amach".

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma:
   Beirt bhuachaill ag caint faoin madra óg atá ag duine acu.
3. Scéal a chumadh:
   Fuair Nóirín bábóg óna haintín . . .
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

Tá bábóg ag Bríd, is bábóg ag Nóirín
Neilí is Peigí is ainm dóibh
Seoithín, Seothó, téigh a chodladh, a Pheigí
Seoithín, Seothó, codladh sámh duit, a Neilí.